# Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe ETB Dhún na nGall

Leagan 1

--

Meán Fómhair 2024

etb

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

*Donegal Education and Training Board*

# Sonraí Forbartha Beartais

| Ainm an Bheartais | Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe |
|---|---|
| Bun-Treoirlíne QQI | Gnéithe bunúsacha is ea comhionannas agus éagsúlacht de na haon treoirlíne dhéag de Bhun-Treoirlínte Reachtúla QQI um Dhearbhú Cáilíochta. |
| Baineann an beartas le | Baill Foirne Uilig<br>Scoláirí Uilig<br>Cuairteoirí, custaiméirí, páirtithe leasmhara, soláthraithe seirbhíse tríú páirtí agus conraitheoirí de chuid ETB Dhún na nGall |
| Faofa ag | |
| Dáta Faofa | |
| Dáta Éifeachta | |
| Dáta an Athbhreithnithe | |
| Leagan | Dréachtleagan 1 |
| Doiciméid Tagartha | An tAcht um Míchumas, 2005<br><br>An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2015<br><br>Na hAchtanna um Stádas Comhionann, 2000–2018<br><br>An tAcht um Chomhionannas, 2004<br><br>An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 [Féach Alt 42 de Leathanach 35]<br><br>Bun-Treoirlínte Reachtúla QQI um Dhearbhú Cáilíochta<br><br>Sainmhínithe dlíthiúla ar idirdhealú agus ar iompraíocht neamhdhleathach san Acht um Chomhionannas, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas<br><br>Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas)<br><br>Ráiteas Straitéise 2022- 2026 ETB Dhún na nGall<br><br>Gnás Casaoide d'Fhoireann arna fostú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (2013)<br><br>Nós Imeachta um Ghearáin ETB Dhún na nGall (2013) |

| | |
|---|---|
| | Nósanna Imeachta Araíonachta ETB Dhún na nGall – Foireann Teagaisc<br><br>Nós Imeachta Araíonachta ETB Dhún na nGall – Foireann Neamhtheagaisc<br><br>Beartas maidir le Ciapadh/Gnéaschiapadh ETB Dhún na nGall |

# Contents


Liosta Giorrúchán 5

Gluais Téarmaí agus Sainmhínithe 6

1. Beartas 10

2. Cuspóir 13

3. Príomhphrionsabail 16

4. Scóip agus Feidhm 18

5. Cur i bhfeidhm 20

6. Freagracht 23

7. Nósanna Imeachta 28

7.1. Nós imeachta fhoireann ETB Dhún na nGall chun cóir éagórach a thuairisciú faoi aon cheann de na forais atá leagtha amach san Acht um Stádas Comhionann. 28

7.2. Nós imeachta scoláire ETB Dhún na nGall chun cóir éagórach arna déanamh ag ball foirne de chuid Dhún na nGall a thuairisciú faoi aon cheann de na forais atá leagtha amach san Acht um Stádas Comhionann. 29

7.3. Nós imeachta scoláire ETB Dhún na nGall chun cóir éagórach a rinne scoláire eile de chuid ETB Dhún na nGall a thuairisciú faoi aon cheann de na forais atá leagtha amach san Acht um Stádas Comhionann. 30

8. Monatóireacht agus Athbhreithniú 32

9. Rialú Doiciméad 34

10. Aguisíní 36

Aguisín 1: Alt 42, An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

11. Tagairtí 37

# Liosta Giorrúchán

| Acrainm | Sainmhíniú |
|---|---|
| ETB | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| ETBI | Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| FET | Breisoideachas agus Oiliúint |
| HET | Ardoideachas agus Oiliúint |
| NFQ | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| RPL | Aitheantas Réamhfhoghlama |
| QA | Dearbhú Cáilíochta |
| QASS | Seirbhísí Tacaíochta um Dhearbhú Cáilíochta |
| OSD | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |

# Gluais Téarmaí agus Sainmhínithe

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| Bulaíocht | iompraíocht mhíchuí arís agus arís eile, díreach nó indíreach, cibé acu ó bhéal, fisiciúil, cibearbhulaíocht nó eile, arna stiúradh ag duine amháin nó níos mó i gcoinne duine eile nó daoine eile a d'fhéadfaí a mheas le réasún go mbaineann sé an bonn de cheart an duine chun dínite.<br><br>Is bulaíocht í an **chibearbhulaíocht** a dhéantar ar líne e.g. gutháin phóca, láithreáin líonraithe shóisialta, ríomhphost, téacsanna etc. Is féidir le heachtraí aonuaire a mheas mar chineál bulaíochta. |
| Idirdhealú | An chaoi a gcaitear le duine nó an chaoi a d'fhéadfaí caitheamh le duine nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an gcaoi a gcaitear le duine eile i gcás inchomparáide bunaithe ar na deich bhforas comhionannais. Áirítear leis sin idirdhealú díreach agus indíreach.<br><br>Tarlaíonn **Idirdhealú Díreach** nuair a chaitear le duine le níos lú fabhair mar gheall ar aon cheann de na deich bhforas a shainmhínítear sna hAchtanna um Stádas Comhionannais (2000-2018).<br><br>Tarlaíonn **Idirdhealú Indíreach** nuair a chuireann cleachtas nó beartas atá neodrach de réir dealraimh duine a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na deich bhforas comhionannais faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le duine eile. Áirítear leis sin nuair a bhíonn cleachtas nó beartas ann a mbíonn tionchar níos díobhálaí aige ar ghrúpaí nó ar dhaoine aonair áirithe.<br><br>Tarlaíonn **Idirdhealú trí Bhainteacht** nuair a chaitear le duine ar bhealach níos lú fabhair mar gheall ar bhaint le duine a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na deich bhforas comhionannais.<br><br>Tarlaíonn **Idirdhealú trí Líomhain** nuair a chaitear le duine ar bhealach níos lú fabhair mar gheall ar lipéadú mar dhuine a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na deich bhforas comhionannais (féach thíos). |
| Éagsúlacht | Glacadh, léirthuiscint agus meas ar éagsúlacht a léiriú trí chleachtas, agus ní hamháin éagsúlacht a aithint agus/nó cur suas léi. Áirítear leis sin na deich ngrúpa atá aitheanta don Dualgas thíos, a aithníonn na riachtanais shonracha a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an éagsúlacht sin, agus an gá le córais sholúbtha agus le hoiriúnú le haghaidh éagsúlacht na foirne agus na scoláirí araon. |
| Forais Chomhionannais | Tagraítear leis na forais chomhionannais do na deich bhforas (grúpaí atá aitheanta don Dualgas) nach dtig idirdhealú agus/nó ciapadh/gnéaschiapadh a dhéanamh ar dhaoine mar gheall orthu mar a shainmhínítear san Acht um Stádas Comhionann agus san Acht um Chomhionannas Fostaíochta:<br>• Inscne – céannacht duine mar fhear nó mar bhean (lena n-áirítear daoine trasinscne). Féadfaidh go mbeadh duine lasmuigh den tsamhail dhénártha inscne.<br>• Stádas Sibhialta – singil, pósta, scartha, colscartha, baintreach, i bpáirtnéireacht shibhialta, nó ina n-iarpháirtí sibhialta. |

| | |
|---|---|
| | • Stádas Teaghlaigh– freagracht mar thuismitheoir nó mar dhuine in loco parentis maidir le duine faoi 18, nó mar thuismitheoir nó mar phríomhchúramóir cónaitheach duine faoi mhíchumas atá os cionn 18 mbliana d'aois.<br>• Claonadh Gnéis – lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do Heitrighnéasach, Aerach, Leispiach, Déghnéasach nó Éighnéasach.<br>• Míchumas – riochtaí sealadacha nó buana a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú fisiciúil, meabhrach nó mothúchánach duine, lena n-áirítear raon riochtaí leighis agus míchumais foghlama, intleachtúla agus cognaíocha.<br>• Cine – lena n-áirítear Cine, Dath, Náisiúntacht, nó Bunús Eitneach nó Náisiúnta.<br>• Creideamh – lena n-áirítear cleamhnuithe reiligiúnacha éagsúla mar aon le heaspa creideamh.<br>• Duine den Lucht Siúil – ag tagairt don phobal daoine ar a dtugtar an Lucht Siúil go coitianta agus a aithnítear (aitheanta acu féin agus ag daoine eile) mar dhaoine a bhfuil stair, cultúr agus traidisiúin roinnte acu lena n-áirítear, go stairiúil, slí bheatha fánaíochta ar oileán na hÉireann.<br>• Aois – ní bhaineann sé sin le duine faoi bhun 16 bliana d'aois.<br>• Stádas socheacnamaíoch (i mbaol bochtaineachta agus eisiata nó i mbochtaineacht agus á n-eisiamh). |
| Ciapadh | Tagraíonn ciapadh d'aon chineál iompair nach dteastaíonn a bhaineann le haon cheann de na deich bhforas comhionannais a bhfuil sé d'aidhm nó d'éifeacht aige dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, tháireach, náireach nó mhaslach a chruthú don duine. Is féidir teagmhais aonuaire a mheas mar chineál ciaptha.<br><br>Tagraíonn Gnéaschiapadh d'aon chineál iompair bhriathartha, neamhbhriathartha nó choirp de chineál gnéasach nach dteastaíonn a bhfuil sé d'aidhm nó d'éifeacht aige dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, tháireach, náireach nó mhaslach a chruthú don duine.<br><br>Toirmisctear an dá chineál ciaptha faoin reachtaíocht chomhionannais. |
| Cuimsiú | Is éard atá i gceist le cuimsiú ná a chinntiú go bhfuil ár dtimpeallacht oibre agus foghlama ina timpeallacht ina mbraitheann foireann uilig ETB Dhún na nGall, scoláirí agus páirtithe leasmhara eile go bhfuil meas ar an éagsúlacht. |
| Gníomhaíocht Dhearfach | Sainmhínítear gníomhaíocht dhearfach san Acht um Chomhionannas Fostaíochta mar bhearta arna gcoinneáil nó arna nglacadh d'fhonn comhionannas iomlán a chinntiú i gcleachtas chun tionchar na míbhuntáistí a bhaineann le haon cheann de na deich bhforas comhionannais a chosc nó a chothromú, chun sláinte agus sábháilteacht daoine faoi mhíchumas a chosaint, nó chun saoráidí a chruthú nó a chothabháil chun lánpháirtiú daoine den tsórt sin san Eagraíocht a chosaint nó a chur chun cinn.<br><br>Sainmhínítear gníomhaíocht dhearfach sna hAchtanna um Stádas Comhionann mar ghníomhaíochtaí deonacha a d'fhéadfadh eagraíocht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar aon éagothroime |

| | |
|---|---|
| | dheise nó ar aon mhíbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith roimh dhuine aonair nó roimh dhaoine aonair a bhfuil tréith amháin nó níos mó faoi chosaint acu. |
| Freastal Réasúnta | Tagraíonn freastal réasúnta d'athruithe éifeachtacha, réasúnta agus praiticiúla a thig a chur i bhfeidhm le cur ar chumas na foirne agus na scoláirí faoi mhíchumas a gcuid oibre a dhéanamh ar comhchéim le daoine eile. I measc na socruithe a d'fhéadfadh a bheith ann, tá áitribh a oiriúnú (rampaí, ardaitheoirí, etc.), soláthar/oiriúnú trealaimh (teicneolaíochtaí cúnta), acmhainní a oiriúnú (cló mór) agus riar measúnuithe a ligeann do scoláirí a gcuid foghlama a léiriú gan sláine an mheasúnaithe a chur i mbaol.<br><br>Is ceanglas é freastal réasúnta faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta agus faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann. |
| Steiréitíopaí | Is éard atá i steiréitíopa ná íomhá nó sraith tréithe sheasta ghinearálta a gcreideann roinnt mhaith daoine gur léiriú de chineál áirithe duine nó ruda iad. |

# 01

## Beartas

# 1. Beartas

Tá freagracht ar ETB Dhún na nGall faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine as comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a dhíothú, ciapadh agus gnéaschiapadh a chosc agus a dhíothú, gealltanas a thabhairt maidir le steiréitíopaí san áit oibre agus sa timpeallacht foghlama a dhíothú agus cearta daonna a fhostaithe, a chustaiméirí, a úsáideoirí seirbhíse agus duine ar bith a chosaint a bhfuil tionchar ag a bheartais agus a phleananna orthu. Tá freagracht air fosta as freastal réasúnta a dhéanamh le haghaidh ball foirne agus scoláirí faoi mhíchumas agus riachtanais shonracha a chomhlíonadh le haghaidh ball foirne agus scoláirí ó ghrúpaí aitheanta eile. Is oibleagáidí dlíthiúla iad sin agus tá siad le fáil sna hachtanna seo a leanas:

- *An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.*
- *An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 2014*
- *An tAcht um Stádas Comhionann, 2015*

Agus lena n-áirítear

- *Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas)*

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall tiomanta do bheith ina eagraíocht a chaitheann leis na daoine uilig ar bhealach comhionann ar fud na bhforas maidir lena gcine, a n-inscne, a reiligiún/a gcreideamh, a n-aois, a stádas teaghlaigh, a stádas pósta, a mballraíocht den Lucht Siúil, a ngnéaschlaonadh, a gcumas nó a stádas socheacnamaíoch (na deich ngrúpa atá aitheanta don Dualgas) agus an méid a bhíonn i gceist leis na forais sin. Tá sé tiomanta do ghuth, struchtúir agus deiseanna a sholáthar do bhaill foirne agus scoláirí ó na deich ngrúpa atá aitheanta don Dualgas agus do thacú leo.

Tá meas ag ETB Dhún na nGall ar phobal foghlama éagsúil agus ionchuimsitheach a fheabhsaíonn an t-eispéireas foghlama agus oibre dá scoláirí agus dá fhoireann agus cuireann sé chun cinn é sin. Cuirimid cultúr feabhais, cúraim, measa agus pobail chun cinn ar aon líne le bunluachanna ár n-eagraíochta.

Tá ETB Dhún na nGall tiomanta do chórais a fhorbairt a aithníonn éagsúlacht agus a ligeann dúinn oiriúnú do riachtanais shonracha a áireofar i soláthar príomhshrutha le haghaidh ball foirne agus scoláirí araon ó na deich ngrúpa atá aitheanta don Dualgas, lena n-áirítear freastal réasúnta daoine faoi mhíchumas.

Déanfaidh ETB Dhún na nGall a dhícheall beartais agus cleachtais shoiléire a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thacóidh le timpeallacht foghlama agus oibre atá comhionann, éagsúil agus ionchuimsitheach. Déanann ETB Dhún na nGall a dhícheall chun comhionannas deiseanna, eispéiris agus torthaí a bhaint amach ar fud na héagsúlachta i measc na foirne agus na scoláirí.

# 02

## Cuspóir

# 2. Cuspóir

Is é cuspóir an bheartais seo ná tiomantas ETB Dhún na nGall do chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú le haghaidh na mball foirne, na scoláirí agus na soláthraithe seirbhíse uilig a léiriú.

Forbraíodh an beartas sin chun bunluachanna ETB Dhún na nGall maidir le feabhas, comhionannas, cúram, pobal agus meas a fhíorú agus achoimre a thabhairt ar a gcuid oibleagáidí sna réimsí sin.

Mar chomhlacht poiblí, tá dualgas reachtúil ar ETB Dhún na nGall faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 idirdhealú a dhíothú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna foirne agus daoine a bhaineann leas as a sheirbhísí a chosaint. Ceanglaítear le hAlt 42 den Acht sin ar chomhlachtaí poiblí dul chun cinn a mheasúnú, freastal air agus tuairisc a dhéanamh air maidir le comhionannas agus cearta an duine ina bpleananna straitéiseacha agus ina dtuarascálacha bliantúla ar bhealach atá inrochtana don phobal (Aguisín 1).

Déanfaidh ETB Dhún na nGall a dhícheall chun comhionannas deiseanna, eispéiris agus torthaí a bhaint amach do na fostaithe uilig, fostaithe ionchais (iarratasóirí ar phost), scoláirí agus scoláirí ionchais (iarratasóirí ar chúrsa) i gcomhthéacs atá saor ó idirdhealú, ciapadh/gnéaschiapadh agus réamhchlaonadh.

Leagtar amach sa bheartas tiomantas ETB Dhún na nGall lena chinntiú go léiríonn ár mbeartais, ár bpleananna seirbhíse, ár gcleachtais agus ár nósanna imeachta uilig ár mbeartas comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe. Tá an beartas sin mar bhonn faoinár ngealltanas maidir le:

- comhionannas a chur chun cinn in oideachas do na scoláirí uilig ar fud an timthrialla oideachais agus oiliúna, rud a sholáthraíonn oideachas ar fheabhas do gach duine, agus a chuireann ar chumas na scoláirí uilig barr a gcumais a uasmhéadú.
- comhionannas a chur chun cinn san áit oibre do na baill foirne uilig agus gníomhaíocht dhearfach a chur chun cinn i gcás ina meastar gur gá léi chun éagsúlacht foirne a spreagadh agus a chinntiú.
- gníomhaíocht dhearfach a dhéanamh in oideachas chun aghaidh a thabhairt ar rannpháirtíocht atá ag leathnú agus gannionadaíocht de réir mar is cuí.
- cearta daonna na foirne uilig, na scoláirí, na ndaoine gaolmhara agus na gcuairteoirí a chosaint.
- raon seirbhísí a sheachadadh a léiríonn an éagsúlacht chultúrtha agus éagsúlacht na luachanna agus na gcreideamh laistigh den phobal agus den chontae.
- saoráidí sainoiriúnaithe a sholáthar do na scoláirí agus don fhoireann uilig agus chun na riachtanais shonracha a chomhlíonadh agus rochtain a chinntiú d’éagsúlacht foirne agus scoláirí ar fud na ndeich ngrúpa atá

aitheanta don Dualgas, lena n-áirítear freastal réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas.

- cuimsiú digiteach a chur chun cinn chun freastal ar dheis, rochtain, eolas agus scil maidir le húsáid teicneolaíochta.
- freastal réasúnta a dhéanamh le haghaidh ball foirne agus scoláirí faoi mhíchumas agus riachtanais shonracha a chomhlíonadh le haghaidh ball foirne agus scoláirí ó ghrúpaí aitheanta eile.
- eolas a sholáthar faoinár seirbhísí i raon formáidí/meán.
- comhoibriú leis na codanna uilig den phobal agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt.
- timpeallacht foghlama agus oibre atá ionchuimsitheach agus comhionann a chur chun cinn agus a sholáthar.
- gealltanas a thabhairt d'iniúchadh a dhéanamh ar struchtúir agus próisis éifeachtacha agus iad a sholáthar chun guth na foirne agus na scoláirí ó na grúpaí aitheanta a chloisteáil agus pleananna agus beartais á bhforbairt maidir lenár gcleachtas ar EDI.
- a chinntiú go bhfuil timpeallachtaí foghlama agus oibre saor ó chiapadh agus ó ghnéaschiapadh.
- gealltanas a thabhairt do chórais agus próisis a fhorbairt a aithníonn na riachtanais shonracha maidir le héagsúlacht na foirne agus na scoláirí ó na deich ngrúpa atá aitheanta don Dualgas agus a fhreagraíonn dóibh chun inrochtaineacht agus rannpháirtíocht a chinntiú, lena n-áirítear freastal réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas.
- comhlíonadh le reachtaíocht agus cloí le caighdeáin dea-chleachtais a chinntiú agus idirdhealú á dhéanamh ag duine aonair nó institiúid a dhíothú.
- freagra pras a thabhairt maidir le gearáin agus le buarthaí aitheanta.

Rachaidh foireann faoi oiliúint maidir leis na ceanglais de chuid Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus reachtaíocht Chomhionannais agus Éagsúlachta agus na himpleachtaí don oideachas agus don fhostaíocht. Áireofar leis sin feasacht chomhionannais agus éagsúlachta agus conas monatóireacht a dhéanamh, tuairisciú agus cur le feabhsú leanúnach cáilíochta maidir le ceisteanna comhionannais agus éagsúlachta.

# 03

# Príomhphrionsabail

# 3. Príomhphrionsabail

Tá na príomhphrionsabail seo a leanas mar bhonn faoi Bheartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe ETB Dhún na nGall:

- Táthar ag súil go gcaitheann na comhaltaí uilig de ETB Dhún na nGall le daoine le dínit agus le hurraim i gcomhréir leis na beartais ábhartha de chuid ETB Dhún na nGall.
- Cloífidh ETB Dhún na nGall go hiomlán leis na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015, a choisceann idirdhealú á dhéanamh ag duine aonair nó ag institiúid maidir le rochtain ar sheirbhísí agus iad a sholáthar, lena n-áirítear oideachas.
- Cloífidh ETB Dhún na nGall go hiomlán leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998- 2015, a choisceann idirdhealú á dhéanamh ag duine aonair nó ag institiúid maidir leis na réimsí uilig fostaíochta, lena n-áirítear rochtain ar fhostaíocht.
- Aithneoidh ETB Dhún na nGall deiseanna le haghaidh gníomhaíochta dearfaí chun comhionannas rannpháirtíochta do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht a chinntiú i ngníomhaíochtaí de chuid ETB Dhún na nGall.
- Beidh ETB Dhún na nGall tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'éagsúlacht teangacha agus cultúr agus í a chur chun cinn agus aird ar leith á tabhairt do chaomhnú, cur chun cinn agus úsáid na Gaeilge, agus chun stádas na Gaeilge mar an phríomhtheanga oifigiúil agus an Béarla mar an dara teanga oifigiúil sa Stát a aithint.
- Tacóidh ETB Dhún na nGall le caomhnú agus cur chun cinn na gcultúr sainiúil in Éirinn.
- Tacóidh ETB Dhún na nGall le rochtain ionchuimsitheach ar sheirbhísí agus ar eolas do dhaoine faoi mhíchumas agus tacóidh sé le fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn i gcomhréir leis an Acht um Míchumas 2005.
- Déanfaidh ETB Dhún na nGall a thuilleadh chun a chinntiú go bhfuil aird chuí á tabhairt do chomhionannas agus do chearta an duine i measc ár ngníomhaíochtaí uilig mar a cheanglaítear leis an Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Dá réir sin, gníomhóidh ETB Dhún na nGall chun idirdhealú díreach agus indíreach á dhéanamh ag duine aonair nó ag institiúid gnéaschiapadh, ciapadh agus íospairt ar na deich bhforas shonracha mar a shainmhínítear san Acht um Stádas Comhionann agus san Acht um Chomhionannas Fostaíochta:

- Inscne
- Stádas teaghlaigh
- Stádas sibhialta
- Claonadh gnéis
- Aois
- Míchumas
- Reiligiún
- Cine
- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Stádas socheacnamaíoch

# 04

## Scóip agus Feidhm

# 4. Scóip agus Feidhm

Tá feidhm ag an Bheartas sin maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú ar fud FET, OSD agus Scoileanna in ETB Dhún na nGall.

Tá iarratasóirí ar scoláirí iad, scoláirí cláraithe agus alumni san áireamh sa Bheartas sin, a bhaineann le cinntí a dhéantar maidir le rochtain, eispéireas, soláthar teagaisc agus seirbhísí tacaíochta ábhartha, measúnú, dul chun cinn agus deimhniú.

Tá na hiarratasóirí uilig ar fhostaíocht, an fhoireann uilig (bíodh siad lánaimseartha, páirtaimseartha, buan nó sealadach) agus iad siúd uilig a oibríonn in ETB Dhún na nGall nó thar a cheann i gcáil ar bith san áireamh sa Bheartas sin, a bhaineann le cinntí a dhéantar maidir le hearcaíocht agus roghnú, dul chun cinn gairme, foghlaim agus forbairt agus téarmaí agus coinníollacha fostaíochta.

Tá feidhm ag an Bheartas fosta maidir le cuairteoirí, custaiméirí, páirtithe leasmhara, soláthraithe seirbhíse agus conraitheoirí tríú páirtithe uilig de chuid ETB Dhún na nGall, agus baineann sé leis na seirbhísí a sholáthraímid agus muid ag déanamh ár gcuid gníomhaíochtaí, cé acu go hinmheánach nó go seachtrach.

# 05

## Cur i bhfeidhm

# 5. Cur i bhfeidhm

Trí thacú leis an bheartas sin agus trí é a chur in iúl agus a chur chun feidhme, cinnteofar go bhfuil meas ar chomhionannas deiseanna, eispéiris agus torthaí le haghaidh gach duine san eagraíocht.

Agus an Beartas sin á sheachadadh, is iad seo a leanas na príomhthosaíochtaí oibríochtúla:

- comhionannas agus meas ar chearta an duine a thógáil isteach sna pleananna straitéiseacha agus oibríochta uilig, ar aon líne leis an chéim Freastail den Dualgas, ag leibhéil ETB, Lárionaid, Cláir agus Oifige
- neamh-idirdhealú (duine aonair nó institiúide), comhionannas agus éagsúlacht a chomhtháthú sna réimsí uilig d'fhorbairt beartais a bhaineann le fostaíocht, oideachas agus oiliúint ar aon líne leis an chéim Freastail den Dualgas.
- oiliúint a chur ar fáil don fhoireann uilig ar shaincheisteanna maidir le neamh-idirdhealú, dínit ag obair agus comhionannas agus éagsúlacht mar chuid de chláir níos leithne ó ionduchtú, earcaíocht agus roghnúchán go dtí an bhainistíocht, an fhorbairt agus an cheannaireacht.
- cothromaíocht inscne agus éagsúlacht a spreagadh ar fud na ngrúpaí aitheanta eile ar na Grúpaí Oibre agus na Coistí uilig mar aon le feasacht ar phrionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe ar na deich bhforas uilig
- ár ndícheall a dhéanamh chun éagsúlacht a chinntiú agus lán-chomhionannas a bhaint amach i gcleachtas san áit oibre agus i measc scoláirí.
- gealltanas a thabhairt don úsáid teanga agus íomhánna a tharraingíonn isteach ár luachanna maidir le héagsúlacht agus cearta an duine agus a chuireann na luachanna sin in iúl ionas go dtugtar tosaíocht dóibh agus gur príomhfhórsa spreagtha iad laistigh de chultúr ETB Dhún na nGall.
- timpeallacht oibre agus foghlama a chruthú agus a chothú a chuireann ar chumas foirne agus scoláirí ó na deich ngrúpa atá aitheanta don Dualgas a bheith dílis dóibh féin sna spásanna sin agus a spreagann iad amhlaidh a dhéanamh.
- ár ndícheall a dhéanamh chun éagsúlacht a chinntiú agus lán-chomhionannas a bhaint amach san áit oibre agus i measc foghlaimeoirí.
- ceangal a dhéanamh idir comhionannas san fhostaíocht agus conas a sheachadaimid comhionannas san oideachas agus in oiliúint, agus muid ag aithint go bhfuil tionchar ag conas a chaithimid lenár bhfoireann ar cén cineál eispéiris dár ngníomhaíocht oideachais agus oiliúna atá ag daoine agus ar conas a mheasann daoine eile iad.

- córais agus próisis a chur chun feidhme a aithníonn na riachtanais shonracha maidir le héagsúlacht na foirne agus na scoláirí ó na deich ngrúpa atá aitheanta don Dualgas agus a fhreagraíonn dóibh chun inrochtaineacht agus rannpháirtíocht a chinntiú, lena n-áirítear freastal réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas.
- struchtúir a chruthú a chuireann ar chumas foirne agus scoláirí ó na deich ngrúpa atá aitheanta don Dualgas a nguth agus a struchtúr a chur in iúl agus a thacaíonn leo.
- dul i ngleic le héagsúlacht ár bhfoirne agus ár scoláirí agus eispéiris éagsúla daoine a chur san áireamh agus ár mbeartas á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm againn. Measúnú a dhéanamh trí chomhairliúchán ar éifeacht na mbeartas atá molta ar na baill foirne agus scoláirí uilig, lena n-áirítear iad siúd ó na deich ngrúpa aitheanta, de réir mar is cuí.
- cumarsáid éifeachtach maidir leis an bheartas agus a nósanna imeachta gaolmhara.
- gnásanna casaoide agus nósanna imeachta um ghearáin atá éifeachtach agus iontaofa a sholáthar do bhaill foirne, scoláirí agus an pobal atá buartha faoi dhaoine a sháraíonn an beartas sin agus beartais ábhartha eile.
- sonraí comhionannais a bhailiú agus díriú ar thorthaí trí phríomhtháscairí feidhmíochta maidir le comhionannas agus éagsúlacht a chur san áireamh inár bpróisis dearbhaithe cáilíochta, monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmíocht, tuairisciú go poiblí ar ghaiscí agus gníomhaíocht a dhéanamh nuair is gá.

# 06

# Freagracht

# 6. Freagracht

Tá freagracht ar na baill foirne uilig, scoláirí agus páirtithe leasmhara eile as tacú leis an bheartas sin agus é a chur chun feidhme sna réimsí uilig dá gcuid oibre agus foghlama agus sna gnéithe uilig den timpeallacht teagaisc agus foghlama.

Is ar an fhoireann agus ar na scoláirí uilig de chuid ETB Dhún na nGall atá an fhreagracht a chinntiú nach bhfuil idirdhealú ar bith (duine aonair nó institiúide) ar scoláirí ná ar fhoireann, maidir le rochtain ar phróisis oideachais agus fostaíochta.

Ní mór do na baill foirne uilig, scoláirí agus páirtithe leasmhara eile glacadh lena bhfreagracht phearsanta an beartas sin a chomhlíonadh. Áirítear leis sin caighdeáin inghlactha iompair a choinneáil i gcónaí i leith comhghleacaithe, piarghrúpaí, custaiméirí, scoláirí, soláthraithe seirbhíse agus conraitheoirí uilig.

Tá freagracht ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (agus coistí ábhartha ar bith) as an Bheartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe foriomlán a mholadh agus a cheadú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a chinntiú go ndéantar an Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe a athbhreithniú agus a uasdátú de réir na bhfrámaí ama comhaontaithe.
- a chinntiú go bhfuil cearta an duine agus cúrsaí comhionannais lárnach d’obair an Bhoird agus a choistí de réir mar a dhéantar moltaí a mheas agus a chomhaontú.

Tá ETB Dhún na nGall freagrach as na nithe seo a leanas:

- seirbhís fhoriomlán a chinntiú ina neadaítear cultúr a chinntíonn comhionannas do gach duine mar atá leagtha amach sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018 agus Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas).
- bearta a dhéanamh chun idirdhealú a dhéanann daoine aonair nó institiúidí a aithint agus a dhíothú agus cosc a chur air chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn le haghaidh na mball foirne agus na scoláirí uilig.
- troid ar son chlár oibre an chomhionannais agus na héagsúlachta chun a chinntiú go bhforbraítear an beartas agus go gcuirtear chun feidhme é.
- cultúr measa ar chomhionannas agus ar chearta an duine a chur chun cinn i bhforbairt fhís agus straitéis ETB Dhún na nGall
- aontú ar na hacmhainní is gá chun na cuspóirí mar atá aitheanta sa bheartas sin a bhaint amach, ar na leibhéil is airde.

- cumarsáid ar leibhéal sinsearach a sholáthar ar an Bheartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe agus ar ghníomhaíochtaí laistigh de ETB agus lasmuigh de.
- a chinntiú go léiríonn beartais tiomantas ETB Dhún na nGall do chomhionannas agus d'éagsúlacht agus go dtaifeadann siad é agus go gcomhlíontar ceanglais reachtaíochta.
- rannpháirtíocht foirne agus scoláirí a athbhreithniú chun a chinntiú go léiríonn pobal na foirne agus na scoláirí an pobal ar a bhfreastalaíonn ETB Dhún na nGall agus go bhfreagraíonn siad do riachtanais aitheanta de réir mar is cuí.
- cláir oiliúna chuí agus forbairt ghairmiúil a sholáthar chun comhlíonadh agus dea-chleachtas a chlúdach maidir le hidirdhealú, ciapadh agus gnéaschiapadh a dhíothú, éagsúlacht agus riachtanais shonracha a aithint agus oiriúnú dóibh agus gníomhú le haghaidh comhionannais deiseanna, eispéiris agus torthaí chomh maith le cur chun feidhme an Dualgais, lena n-áirítear tuiscint ar bheartais de chuid ETB Dhún na nGall a thacaíonn leis sin.

Tá bainisteoirí freagrach as an méid seo a leanas:

- an beartas agus an straitéis a chur i bhfeidhm ó lá go lá
- a bheith ar an eolas faoina bhfreagracht faoi reachtaíocht fostaíochta agus chomhionannais agus an beartas sin a chur chun feidhme maidir le baill foirne agus scoláirí faoina mbainistíocht.
- a chinntiú go bhfuil na baill foirne uilig ar an eolas faoina bhfreagrachtaí maidir le meas a bheith acu ar chearta an duine, comhionannas agus éagsúlacht de réir an Bheartais sin, agus iad ag tabhairt tacaíochta agus cabhrach nuair is gá.
- timpeallacht oibre agus timpeallacht foghlama a chruthú agus a chothú a chuireann ar chumas foirne agus scoláirí ó na deich ngrúpa atá aitheanta don Dualgas a bheith dílis dóibh féin sna spásanna sin agus a spreagann iad amhlaidh a dhéanamh.
- a bheith san airdeall maidir le ceisteanna a bhaineann le claontacht, steiréitíopáil agus idirdhealú agus a bheith ar an eolas faoi na nósanna imeachta chun iad sin a thuairisciú.
- teagmhais chiaptha agus ghnéaschiaptha a chosc agus freagairt dóibh siúd go hiomchuí agus a bheith ar an eolas faoi na nósanna imeachta chun iad sin a thuairisciú.
- córais agus próisis a chur chun feidhme a aithníonn na riachtanais shonracha maidir le héagsúlacht na foirne agus na scoláirí ó na deich ngrúpa atá aitheanta don Dualgas agus a fhreagraíonn dóibh chun inrochtaineacht agus rannpháirtíocht a chinntiú, lena n-áirítear freastal réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas.
- rannpháirtíocht le haiseolas ó bhaill foirne agus ó scoláirí ó na grúpaí aitheanta a chur chun cinn agus a chinntiú ionas go gcloistear a nguth.
- déileáil go gasta, go cuí agus go héifeachtach le hábhair imní agus le gearáin agus iad a chur ar aghaidh nuair is gá.
- a chinntiú go dtig le foireann rannpháirtíocht a dhéanamh le haon cheanglais oiliúna.


etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and Training Board

- cúnamh agus tacaíocht a sholáthar dóibh siúd a ndearnadh idirdhealú ina n-aghaidh.
- Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) a chur chun feidhme.

Tá an Rannóg Acmhainní Daonna freagrach as:

- meicníochtaí laistigh den tseirbhís a bhunú agus a choimeád chun déileáil le gearáin maidir le ceisteanna comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe, lena n-áirítear idirdhealú agus ciapadh.
- feasacht a chruthú ar bheartais agus cleachtais um chomhionannas deiseanna trí ionduchtú agus oiliúint foirne.
- cúnamh agus tacaíocht a sholáthar dóibh siúd a ndearnadh idirdhealú ina n-aghaidh.
- timpeallacht oibre agus timpeallacht foghlama a chruthú agus a chothú a chuireann ar chumas foirne agus scoláirí ó na deich ngrúpa atá aitheanta don Dualgas a bheith dílis dóibh féin sna spásanna sin agus a spreagann iad amhlaidh a dhéanamh.
- Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) a chur chun feidhme.
- cláir oiliúna chuí a sholáthar chun tacú leis an bheartas sin.

Tá gach ball foirne freagrach as:

- glacadh lena bhfreagracht phearsanta an beartas seo a chomhlíonadh. Áirítear leis sin caighdeáin inghlactha iompair a choinneáil i gcónaí i leith comhghleacaithe, piarghrúpaí, custaiméirí, scoláirí, soláthraithe seirbhíse agus conraitheoirí uilig.
- aghaidh a thabhairt go gníomhach ar cheisteanna comhionannais agus éagsúlachta ar bhealaí praiticiúla ina gcuid oibre ó lá go lá.
- cloí le Cód Iompair na Foirne
- a chinntiú go bhfuil a n-iompraíocht féin feiliúnach in idirghníomhaíochtaí duine le duine agus digiteach.
- seasamh le caighdeán iompair a thugann meas ar chearta an duine agus ar phrionsabail an chomhionannais agus na héagsúlachta.
- oideachas, oiliúint nó seirbhís phoiblí eile a sholáthar a thugann meas ar na riachtanais agus ar na cúlraí éagsúla de chuid na scoláirí, na foirne agus ball den phobal i gcoitinne agus a chuireann san áireamh iad.
- aon cheanglais chomhionannais agus éagsúlachta a chomhlíonadh a aontaítear ina bplean oibre nó ina bplean réimse cláir.
- cur le feidhmíocht fhoriomlán ETB Dhún na nGall maidir le comhionannas agus éagsúlacht.
- freastal ar na seisiúin oiliúna ábhartha uilig maidir le comhionannas agus éagsúlacht.

Maidir le baill foirne a bhfuil sé de chúram orthu guth na scoláirí a chur in iúl, lena n-áirítear guth na scoláirí ó na deich ngrúpa atá aitheanta don Dualgas, trí shuirbhéanna, fócasghrúpaí agus cruinnithe, tá siad freagrach as a chinntiú go dtugtar aghaidh ar aon aiseolas/teagmhais réamhchlaonta, chlaontachta agus idirdhealaithe láithreach.

Tá príomhról ag scoláirí chun timpeallacht foghlama ionchuimsitheach a chinntiú ina bhfuil deis chomhionann ag scoláirí uilig chun barr a gcumas a bhaint amach.
Tá freagracht ar gach scoláire:

- aghaidh a thabhairt go gníomhach ar cheisteanna comhionannais agus éagsúlachta ar bhealaí praiticiúla ina saol laethúil.
- a chinntiú go bhfuil a n-iompraíocht féin feiliúnach in idirghníomhaíochtaí duine le duine agus digiteach.
- seasamh le caighdeán iompair a thugann meas ar chearta an duine agus ar phrionsabail an chomhionannais agus na héagsúlachta.
- meas a bheith acu ar riachtanais agus cúlraí éagsúla scoláirí eile agus iad a bhreithniú agus iarrachtaí a dhéanamh na scoláirí uilig a tharraingt isteach.



etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and Training Board

# 07

# Nósanna Imeachta

# 7. Nósanna Imeachta

## 7.1. Nós imeachta fhoireann ETB Dhún na nGall chun cóir éagórach a thuairisciú faoi aon cheann de na forais atá leagtha amach san Acht um Stádas Comhionann.

| Ainm an Nós Imeachta | Nós imeachta fhoireann ETB Dhún na nGall chun cóir éagórach a thuairisciú faoi aon cheann de na forais atá leagtha amach san Acht um Stádas Comhionann. |
|---|---|
| Uimhir Leagain | Leagan 1 |
| Réimsí Beartais | Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe<br>An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta<br>Gnás Casaoide d'Fhoireann atá fostaithe ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (2013).<br><br>Beartas Coiscthe maidir le Ciapadh/Gnéaschiapadh<br>Beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre (2022) de chuid ETB Dhún na nGall |
| Faofa ag | |
| Dáta Faofa | |
| Dáta Éifeachta | |

Nuair a aithníonn ball foirne de chuid ETB Dhún na nGall gur caitheadh leo go míchothrom faoi aon cheann de na forais a leagtar amach sna hAchtanna um Stádas Comhionann (2000 go 2018), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta nó ar na forais maidir le stádas Socheacnamaíoch, tá feidhm ag an nós imeachta seo a leanas:

| Uimh. Earra | Nósanna Imeachta agus Próisis | Freagracht |
|---|---|---|
| | Nós Imeachta Foirne | |
| 7.1.1 | Moltar do bhall foirne a shíleann gur caitheadh leo go héagórach nó go míchothrom a ngearán a lua lena mbainisteoir líne ar dtús, nó a ngearán a lua lena n-ionadaí ceardchumainn trí chur chuige neamhfhoirmeálta. | Ball Foirne<br>Bainisteoir Líne |
| 7.1.2 | Mura dtig réiteach inghlactha a chomhaontú, ní mór don bhainisteoir líne an gearán a chur chuig an rannóg Acmhainní Daonna. | Bainisteoir Líne |
| 7.1.3 | Cuirfidh an rannóg Acmhainní Daonna tús leis an nós imeachta ábhartha (mar atá aitheanta thuas i réimsí beartais) do Bhaill Foirne arna bhfostú ag an Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (2013). | An Rannóg Acmhainní Daonna |

## 7.2. Nós imeachta scoláire ETB Dhún na nGall chun cóir éagórach arna déanamh ag ball foirne de chuid Dhún na nGall a thuairisciú faoi aon cheann de na forais atá leagtha amach san Acht um Stádas Comhionann.

| Ainm an Nós Imeachta | Nós imeachta scoláire ETB Dhún na nGall chun cóir éagórach arna déanamh ag ball foirne de chuid Dhún na nGall a thuairisciú faoi aon cheann de na forais atá leagtha amach san Acht um Stádas Comhionann |
|---|---|
| Uimhir Leagain | Leagan 1 |
| Réimsí Beartais | Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe<br>Nós Imeachta um Ghearáin ETB Dhún na nGall (2013) |
| Faofa ag | |
| Dáta Faofa | |
| Dáta Éifeachta | |

| Uimh. Earra | Nósanna Imeachta agus Próisis | Freagracht |
|---|---|---|
| | Nós imeachta Scoláire *(nó tuismitheoir/caomhnóir má tá an scoláire faoi bhun 18 mbliana d'aois)* | |
| 7.2.1 | Moltar do scoláirí (*tuismitheoir/caomhnóir*) a shíleann gur caitheadh leo go héagórach nó go míchothrom coinne a dhéanamh chun an t-ábhar a phlé leis an bhall foirne a bhaineann leis an ábhar d'fhonn an gearán a réiteach | Scoláire (*tuismitheoir/caomhnóir*)<br>Ball Foirne |
| 7.2.2 | I gcásanna nach dtig leis na páirtithe, i ndiaidh dul i dteagmháil go díreach, réiteach rathúil ar an ní a bhaint amach, tá sé de cheart ag an ghearánach an gearán a chur chuig an Phríomhoide/Leas-Phríomhoide/Bhainisteoir Lárionaid. | Príomhoide/Leas-Phríomhoide/Bainisteoir Lárionaid. |
| 7.2.3 | Cuirfidh an Príomhoide/Leas-Phríomhoide/Bainisteoir Lárionaid tús leis an Nós Imeachta um Ghearáin (2013) de chuid ETB Dhún na nGall | Príomhoide/Leas-Phríomhoide/Bainisteoir Lárionaid. |

## 7.3. Nós imeachta scoláire ETB Dhún na nGall chun cóir éagórach a rinne scoláire eile de chuid ETB Dhún na nGall a thuairisciú faoi aon cheann de na forais atá leagtha amach san Acht um Stádas Comhionann.

| Ainm an Nós Imeachta | Nós imeachta scoláire ETB Dhún na nGall chun cóir éagórach a rinne scoláire eile de chuid ETB Dhún na nGall a thuairisciú faoi aon cheann de na forais atá leagtha amach san Acht um Stádas Comhionann. |
|---|---|
| Uimhir Leagain | Leagan 1 |
| Réimsí Beartais | Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe<br>Beartas Araíonachta Scoláire (Bealtaine 2023) |
| Faofa ag | |
| Dáta Faofa | |
| Dáta Éifeachta | |

| Uimh. Earra | Nósanna Imeachta agus Próisis | Freagracht |
|---|---|---|
| | Nós imeachta Scoláire *(nó tuismitheoir/caomhnóir má tá an scoláire faoi bhun 18 mbliana d'aois)* | |
| 7.3.1 | Moltar do scoláire (*tuismitheoir/caomhnóir*) a shíleann gur caitheadh leo go héagórach nó go míchothrom coinne a dhéanamh chun an t-ábhar a phlé leis an bhall foirne a bhaineann leis an ábhar d'fhonn an gearán a réiteach | Scoláire (*tuismitheoir/caomhnóir*)<br>Ball Foirne |
| 7.3.2 | I gcásanna nach dtig leis na páirtithe, i ndiaidh dul i dteagmháil go díreach, réiteach rathúil ar an ní a bhaint amach, tá sé de cheart ag an ghearánach an gearán a chur chuig an Phríomhoide/Leas-Phríomhoide/Bhainisteoir Lárionaid. | Príomhoide/Leas-Príomhoide/Bainisteoir Lárionaid. |
| 7.3.3 | Cuirfidh Bainisteoir an Lárionaid FET tús leis an Bheartas Araíonachta Scoláire (Iúil 2022) | Bainisteoir an Lárionaid FET. |
| 7.3.4 | Cuirfidh an Príomhoide/Leas-Phríomhoide tús lena mbeartas Iar-Bhunoideachais um araíonacht scoláire de réir mar is ábhartha. | Príomhoide/Leas-Phríomhoide |

# 08

# Monatóireacht agus Athbhreithniú

# 8. Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh ETB Dhún na nGall an doiciméad sin a nuashonrú de réir na dtreoirlínte agus na dtreoracha a d'eisigh an QQI agus comhlachtaí cáiliúcháin eile agus reachtaíocht.

| Freagracht | Minicíocht | Modhanna |
|---|---|---|
| QASS | Déanfar monatóireacht ar an bheartas go bliantúil don chéad bhliain agus gach trí bliana ina dhiaidh sin | Déanfar monatóireacht maidir le sonraí a thagann ó mhonatóireacht cháilíochta, aiseolas ó na grúpaí éagsúla páirtithe leasmhara agus torthaí aon nósanna imeachta gearán |
| | | |
| | | |

# 09

# Rialú Doiciméad

# 9. Rialú Doiciméad

| Uimhir Leagain | Dáta faofa | Cur síos ar athbhreithniú | Údar | Faofa ag |
|---|---|---|---|---|
| Beartas | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

| Uimhir Leagain | Dáta faofa | Cur síos ar athbhreithniú | Údar | Faofa ag |
|---|---|---|---|---|
| Nós Imeachta | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

# 10

# Aguisíní

# 10. Aguisíní

## Aguisín 1: Alt 42, An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

1) Déanfaidh comhlacht poiblí, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh,

aird a thabhairt ar an ngá atá ann—

   a. an t-idirdhealú a dhíchur,
   b. comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn, agus
   c. cearta an duine atá ag a chomhaltaí, a fhoireann agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

2) D'fhonn éifeacht a thabhairt d'fho-alt (1), déanfaidh comhlacht poiblí, ag féachaint d'fheidhmeanna agus do chríoch an chomhlachta agus dá mhéid agus do na hacmhainní atá ar fáil dó—
   a. measúnacht a leagan amach ar mhodh is inrochtana ag an bpobal ina phlean straitéiseach (cibé tuairisc atá air) ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a chreideann sé is iomchuí maidir le feidhmeanna agus críoch an chomhlachta agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá ar bun nó a bheartaítear a chur ar bun d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, agus
   b. tuairisciú a dhéanamh ar mhodh is inrochtana ag an bpobal ar fhorbairtí agus ar a bhfuil bainte amach ina leith sin ina thuarascáil bhliantúil (cibé tuairisc atá uirthi).

3) Le linn dó cabhrú le comhlachtaí poiblí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar mhodh a bheidh i gcomhréir le fo-alt (1), féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí agus iad a spreagadh le linn dóibh beartais i leith chearta an duine agus chomhionannais a fhorbairt, agus dea-chleachtas agus dea-chaighdeáin oibríochta a fheidhmiú i ndáil le cearta an duine agus leis an gcomhionannas.

4) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (3), féadfaidh an Coimisiún— (a) treoirlínte a eisiúint, nó (b) cóid chleachtais a ullmhú de réir alt 31, i leith comhlachtaí poiblí d'fhorbairt bearta feidhmíochta, caighdeáin oibríochta agus straitéisí coisctheacha scríofa chun an t-idirdhealú a laghdú agus cearta an duine agus an comhionannas a chur chun cinn i láthair oibre na hearnála poiblí agus le linn seirbhísí a sholáthar don phobal.

5) I gcás go measfaidh an Coimisiún go bhfuil fianaise ann ar mhainneachtain ag comhlacht poiblí a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar mhodh atá i gcomhréir le fo-alt (1) agus gur cuí sna himthosca go léir déanamh amhlaidh, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an gcomhlacht poiblí— (a) athbhreithniú a dhéanamh i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an gcomhlacht sin, ag féachaint d'fho-alt (1), nó (b) plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur i ngníomh i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an gcomhlacht sin, ag féachaint d'fho-alt (1), nó iad sin araon a dhéanamh.

6) Féadfaidh baint a bheith ag athbhreithniú nó ag plean gníomhaíochta faoi fho-alt (5)— (a) le comhionannas deiseanna nó cearta an duine i gcoitinne, nó (b) le gné áirithe de chearta an duine nó den idirdhealú, sa chomhlacht poiblí lena mbaineann.

7) Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú fho-alt (1), agus, má iarrann an tAire air é, déanfaidh sé athbhreithniú den sórt sin.

8) D'fhonn cabhrú leis le linn dó athbhreithniú a dhéanamh faoi fho-alt (7), rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le cibé daoine nó comhlachtaí is cuí leis.

9) I gcás go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú faoi fho-alt (7)— (a) féadfaidh sé, nó (b) i gcás gur iarr an tAire an t-athbhreithniú, déanfaidh sé, tuarascáil ar an athbhreithniú a chur faoi bhráid an Aire agus áireofar in aon tuarascáil den sórt sin cibé moltaí a mheasfaidh an Coimisiún is cuí.

10) Cuirfidh an Coimisiún faoi deara cóip den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

11) Ní oibreoidh aon ní san alt seo uaidh féin chun cúis chaingne a thabhairt d'aon duine i gcoinne comhlacht poiblí i leith chomhlíonadh a fheidhmeanna aige faoi fho-alt (1).

# 11

# Tagairtí

# Doiciméid Tagartha

-----------------------------------------------------------

1. Beartais Acmhainní Daonna ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall lena n-áirítear na cinn seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
    a. Beartas Coiscthe maidir le Bulaíocht
    b. Nós Imeachta um Ghearáin
    c. Nósanna Imeachta Araíonachta
    d. Beartas Coiscthe maidir le Ciapadh/Gnéaschiapadh
    e. Beartas um Nochtadh Cosanta
    f. Gnás Casaoide d'Fhoireann

2. Beartais Bhreisoideachais agus Oiliúna de chuid ETB Dhún na nGall lena n-áirítear na cinn seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
    a. Beartas Araíonachta Scoláire
    b. Nós Imeachta um Fhreastal Réasúnta

3. ETB Dhún na nGall: Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) a Chur chun Feidhme

4. An tAcht um Míchumas, 2005

5. An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998

6. An tAcht um Stádas Comhionann, 2000

7. Sainmhínithe dlíthiúla ar idirdhealú agus ar iompraíocht neamhdhleathach san Acht um Chomhionannas, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

8. Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta QQI (2016)

9. An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (Alt 42)

10. Ráiteas Straitéise ETB Dhún na nGall 2022- 2026



etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
Donegal Education and Training Board